

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
*Galway and Roscommon
Education and Training Board*

Fón: 091-593119

ccc@gretb.ie

www.colaistecholmcille.ie



PLEAN FOGHLAMA DIGITEACH

1. Réamhrá
2. Misean Dhigiteach na Scoile
3. Cúlra agus Úsáid Reatha na Teicneolaíochta
4. Cuspóirí an Phlean
5. Príomhphléáir an Phlean (de réir na Straitéise Náisiúnta)
6. Scagadh Ábhair
7. Úsáid Idirlín
8. Ríomhphost agus Teachtaireachtaí
9. Na Meáin Shóisialta agus Seirbhísí Teachtaireachtaí do Fhoireann agus do Dhaltaí
10. Gléasanna Pearsanta
11. Ardáin Foghlama Digití (lena n-áirítear físchomhdhálacha)
12. Fuaim, Íomhánna agus Físeán
13. Gníomhaíochtaí Mí-oiriúnacha
14. Suíomhanna Gréasáin na Scoile
15. Cibearbhulaíocht
16. Intleacht Shaorga
17. Struchtúir Tacaíochta
18. Forbairt Ghairmiúil Foirne
19. Measúnú, Monatóireacht agus Athbhreithniú
20. Reachtaíocht
21. Smachtbhannaí
22. Foirm Ceadta
23. Síntiúis agus Ceanntásc an Bhoird Bainistíochta

Plean Foghlama Digiteach Choláiste Colmille, Indreabhán 2025–2028

1. Réamhrá

Is í aidhm an Pholasáí Úsáide Inghlactha agus an Phlean Foghlama Dhigitigh ná creat comhsheasmhach a chur ar fáil chun úsáid shábháilte, fhreagrach agus éifeachtach a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha i gColáiste Colmille.

Aithníonn an scoil an tábhacht a bhaineann le forbairt inniúlachtaí digiteacha i measc daltaí agus foirne mar chuid lárnach den teagasc, den fhoghlaím agus den mheasúnú.

Tá an polasaí seo ailínithe le:

- **Straitéis Dhigiteach don Oideachas 2021–2027,**
- **Plean Cur i bhFeidhm 2024,**
- **Creat Féinmheastóireachta na Scoile (LAOS),**
- **agus treoirlínte an Bhoird Oideachais agus Oiliúna Gaillimh agus Ros Comáin (GRETb).**

Is foras lán-Ghaeilge i nGaeltacht Chonamara é Coláiste Colmille. Tá dualgas orainn, mar scoil Ghaeltachta, sampla maith a léiriú i gcumarsáid, i bhfoghlaím agus i gcruthaitheacht trí mheán na Gaeilge — go háirithe i dtimpeallacht dhigiteach atá ag forbairt go tapa.

2. Misean Teicneolaíochta na Scoile

Is é fíis Choláiste Colmille ná pobal foghlama cúramach, cruthaitheach agus muiníneach a chothú ina bhforbraíonn gach dalta a chumas acadúil, teanga agus digiteach chun bheith ina shaoránach freagrach sa tsochaí nua-aimseartha.

Misean:

- Fíis an oideachais lán-Ghaeilge a chothú ina mbíonn an teicneolaíocht mar thacaíocht don fhoghlaím, ní mar sprioc inti féin.
- Cothú a dhéanamh ar chruthaitheacht, ar mheon fiosraithe, agus ar úsáid fhreagrach na teicneolaíochta.
- Deiseanna cothroma digiteacha a chur ar fáil do gach dalta agus ball foirne.

3. Cúlra agus Úsáid Reatha na Teicneolaíochta

- Tá **ríomhairí deisce** agus **ríomhairí glúine** ar fáil i seomraí.
- Tá **cuntas Microsoft 365 agus MS Teams** ag gach ball foirne agus gach dalta.
- Úsáidtear **OneDrive** mar ardán stórála comhad, agus **Outlook** le haghaidh ríomhphoist scoile.
- Tá **Wi-Fi** ar fáil ar fud na scoile.
- Tá gach múinteoir feistithe le ríomhaire glúine.
- Úsáidtear **VSware** le haghaidh tinrimh, torthaí agus cumarsáide le tuismitheoirí.
- Ní cheadaítear úsáid **fhóin phóca phearsanta** ag daltaí ar champas na scoile.
- Déantar oiliúint bhunúsach ar fhoireann i n-úsáid Microsoft Teams, Measúnú Digiteach, agus Sábháilteacht ar Líne.

4. Cuspóirí an Phlean

Is é mórcuspóir an Pholasáí Úsáide Inghlactha seo a chinntiú go mbainfidh daltaí tairbhe as na deiseanna foghlama a chuirtear ar fáil trí acmhainní digiteacha na scoile ar bhealach sábháilte agus éifeachtach. Meastar gur cuid lárnach den teagasc agus den fhoghlaím é úsáid fhreagrach an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha, idir ar líne agus as líne. Dá bhrí sin, má sháraítear an polasaí seo, cuirfear smachtbhannaí i bhfeidhm.

Meastar go ndéanfaidh ionadaithe na scoile agus na dtuismitheoirí athbhreithniú ar an bpolasaí ar a laghad uair sa bhliain. Ba cheart an Polasaí Úsáide Inghlactha (PÚI) a léamh go cúramach chun a chinntiú go dtuigtear agus go nglactar leis na coinníollacha úsáide.

Agus an t-idirlíon in úsáid acu, táthar ag súil go ndéanfaidh daltaí, tuismitheoirí agus baill foirne:

- Meas a léiriú ar dhaoine eile i gcónaí.
- Gan aon ghníomh a dhéanamh a d'fhéadfadh drochchlú a chur ar an scoil.
- Cearta príobháideachais bhaill eile de phobal na scoile a chinntiú.
- Cóipcheart a chinntiú agus cruthaitheoirí a lua nuair a úsáidtear ábhar nó acmhainní ar líne.



Úsáideann an scoil roinnt straitéisí chun na deiseanna foghlama a uasmhéadú agus chun na rioscaí a bhaineann leis an idirlíon a laghdú. Seo iad na straitéisí sin:

- Úsáidfear bogearraí scagtha agus/nó córais chomhionanna chun an baol go mbeidh rochtain ar ábhar míchuí a laghdú.
- Ní cheadófar uaslódáil ná íoslódáil bogearraí neamhcheadaithe.
- Ní cheadófar úsáid meán stórála digiteacha seachtracha pearsanta gan cead ón scoil.
- Coinneofar bogearraí cosanta i gcoinne víris cothrom le dáta.
- Beidh úsáid an idirlín sa scoil faoi mhaoirseacht múinteora i gcónaí.

Baineann an Polasaí Úsáide Inghlactha seo le gach dalta a bhfuil rochtain acu ar an idirlíon i gColáiste Cholmcille, agus le baill foirne, deonaithe, tuismitheoirí, cúramóirí agus daoine eile a úsáideann an t-idirlíon sa scoil.

Má dhéantar mí-úsáid den idirlíon, d'fhéadfadh gníomh smachta a bheith i gceist lena n-áirítear rabhaidh scríofa, bainte rochtana, coinneáil siar, nó i gcásanna tromchúiseacha, fionraí nó díbirt. Tá sé de cheart ag an scoil freisin gníomhaíochtaí mídhleathacha a thuairisciú do na húdaráis chuí.

Déanfaidh Coláiste Cholmcille plé ar eachtraí a tharlaíonn lasmuigh den scoil má théann siad i bhfeidhm ar leas daltaí nó foirne, de réir an pholasaí seo agus na gcód iompair agus frith-bhulaíochta. Cuirfear tuismitheoirí/cúramóirí ar an eolas, nuair is cuí, faoin iompar mí-oiriúnach ar líne a tharlaíonn lasmuigh den scoil agus cuirfear smachtbhannaí oiriúnacha i bhfeidhm.

Is iad cuspóirí Choláiste Cholmcille don tréimhse 2025–2028:

- Úsáid dhigiteach a neadú i ngach gné den teagasc agus den fhoghlaím.
- Tacú le forbairt ghairmiúil leanúnach na foirne maidir le teicneolaíocht oideachais.
 - Foireann a chumasú maidir le Intleacht Shaorga de. (AI)
 - Scolairí a chumasú maidir lena bhfreagracht ó thaobh Intleacht Shaorga de. (AI)
- Cultúr sábháilteachta agus fhreagrachta dhigiteach a fhorbairt i measc scoláirí.
- Feabhas leanúnach a chur ar bhonneagar digiteach na scoile.

- Cinntiú go bhfuil polasaithe na scoile ag teacht le treoirlínte náisiúnta maidir le cosaint sonraí, cóipcheart agus sábháilteacht ar líne.

5. Príomhphléáir an Phlean (de réir na Straitéise Náisiúnta)

Pílear 1: Teagasc, Foghlaim agus Measúnú

1. Tacú le múinteoirí i dteagasc nuálach trí uirlisí digiteacha.
2. Spreagadh don dalta bheith ina fhoghlaimeoir gníomhach trí ardáin ar nós Teams agus ardáin eile oiriúnacha.
3. Úsáid digiteach a chomhtháthú le measúnú foirmiúil agus neamhfhoirmiúil (m.sh. tionscadail dhigiteacha, e-phunanna).
4. Cothú ar scileanna smaointeoireachta chriticiúla, cumarsáide agus comhoibrithe.

Pílear 2: Bonneagar Teicneolaíochta

1. Leanúint den fheabhsú ar nascacht Wi-Fi agus rochtain shlán.
2. Cothabháil agus uasdátú rialta ar ghléasanna agus ar bhogearraí.
3. Bainistíocht fhreagrach ar shlándáil sonraí (GDPR).
4. Soláthar rochtana cothroma ar acmhainní do dhaltaí uile.

Pílear 3: Ceannaireacht, Taighde agus Beartas

1. Ceannaireacht dhigitigh a chur chun cinn i measc bhainistíocht na scoile.
2. Spreagadh taighde scoile i dtaobh úsáid éifeachtach teicneolaíochta.
3. Cumarsáid rialta leis an bpobal scoile faoi fhorbairtí digiteacha.
4. Athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Foghlama Digiteach.

6. Scagadh Ábhair

1. Beidh bogearraí scagtha agus/nó córais chomhionanna á n-úsáid chun an baol go mbeidh rochtain ar ábhar míchuí a laghdú.
2. Má dhéanann daltaí iarracht an córas scagtha a sheachaint trí shuíomhanna seachfhreastalaí (proxy) nó trí mhodhanna eile, beidh siad faoi réir gnímh smachta.

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie

www.colaistecholmcille.ie



3. Féadfaidh na smachtbhannaí sin rabhaidh scríofa, bainte rochtana, coinneáil siar, nó i gcásanna tromchúiseacha, fionraí nó díbirt a áireamh.
4. Coinneofar taifid úsáide agus faireacháin ar ghníomhaíocht líonra chun sábháilteacht agus slándáil a chinntiú.

7. Úsáid Idirlín

1. Ní bheidh cead ag daltaí suíomhanna idirlín a bhfuil ábhar maslach, mídhleathach, fuathmhar nó míchuí eile iontu a chuardach ná a oscailt d'aon turas.
2. Moltar do dhaltaí aon rochtain thimpisteach ar ábhar míchuí a thuairisciú láithreach de réir nósanna imeachta na scoile.
3. Má tharlaíonn sé go mbíonn daltaí lasmuigh den seomra ranga ach laistigh den scoil agus go dtagann siad ar ábhar míchuí ar líne, ní mór dóibh an eachtra a thuairisciú do **bhainistíocht na scoile**.
4. Ní cheadófar do dhaltaí faisnéis a chóipeáil isteach i dtionscadail nó i dtascanna gan an fhoinsé a lua (is sárú cóipchirt agus plaigiarachas é sin).
5. Beidh eolas ag daltaí agus ag baill foirne go bhféadfar aon úsáid, lena n-áirítear dáileadh nó fáil faisnéise a bhaineann leis an scoil nó atá pearsanta, a fhaireachán ar chúiseanna slándála nó bainistíochta líonra.
6. Ní úsáidfí daltaí an t-idirlíon ach chun críocha oideachasúla.
7. Ní bheidh cead ag daltaí gníomhaíochtaí ar líne a dhéanamh ar nós uaslódáil nó íoslódáil comhad mór a d'fhéadfadh cur isteach ar luas an líonra nó ar sheirbhís úsáideoirí eile.
8. Ní cheadófar íoslódáil ná féachaint ar ábhar atá mídhleathach, maslach, clúmhilleach nó a bhfuil sé d'aidhm aige duine eile a chiapadh nó a scanrú.
9. Tá íoslódáil ag daltaí ar ábhar nó íomhánna nach mbaineann lena gcuid staidéir i sárú díreach ar an bPolasaí Úsáide Inghlactha.
10. Ní nochtfaidh ná ní fhoilseoidh daltaí faisnéis phearsanta ná pasfhocail faoi aon chúinse.
11. Beidh eolas ag daltaí gur féidir aon úsáid a bhaineann leis an idirlíon nó le hardáin dhigiteacha na scoile, lena n-áirítear dáileadh nó fáil faisnéise, a fhaireachán go rialta.

8. Ríomhphost agus Teachtaireachtaí

1. Ní cheadófar do dhaltaí ábhar nó íomhánna a íoslódáil nach mbaineann lena gcuid staidéir.
2. Ní sheolfar aon ábhar atá mídhleathach, maslach, clúmhillteach nó a bhfuil sé d'aidhm aige duine eile a chiapadh, a scanrú nó a náiriú.
3. Ní mór do dhaltaí aon chumarsáid a fhaigheann siad a chuireann míshuaimhneas orthu, atá maslach, idirdhealaitheach, bagrach nó bulaitheach ina nádúr, a thuairisciú láithreach agus gan freagairt dó.
4. Ba chóir do dhaltaí gan ríomhphost a oscailt má tá cuma amhrasach orthu. Má tá aon amhras ann, ba chóir dóibh cead a fháil ón múinteoir sula n-osclaítear ríomhphost ó sheoltóir anaithnid.
5. Ní nochtfaidh daltaí a gcuid sonraí pearsanta féin ná sonraí daoine eile (seoltaí baile, uimhreacha gutháin, grianghraif, srl.).
6. Ní mór do dhaltaí aon chumarsáid a fhaigheann siad a chuireann míshuaimhneas orthu, atá maslach, idirdhealaitheach, bagrach nó bulaitheach ina nádúr, a thuairisciú láithreach do mhúinteoir agus gan freagairt di.

9. Na Meáin Shóisialta agus Seirbhísí Teachtaireachtaí do Fhoireann agus do Dhaltaí

1. Cuireann an t-idirlíon raon leathan uirlisí meán sóisialta ar fáil a chuireann ar ár gcumas idirghníomhú agus fanacht i dteagmháil le daoine eile. Cé go n-aithnítear na buntáistí a bhaineann leis na huirlisí sin, tá sé riachtanach iad a úsáid go freagrach chun príobháideacht agus dea-cháil an duine agus na scoile a chosaint.
2. Leagtar amach sa pholasaí seo na prionsabail a bhfuiltear ag súil go leanfaidh gach ball de phobal na scoile iad agus iad ag baint úsáide as na meáin shóisialta.
3. Tá na prionsabail seo dírithe ar a chinntiú go n-úsáidtear meáin shóisialta ar bhealach freagrach, go gcosnaítear rúndacht daltaí agus foirne eile, agus go gcoimeádtar dea-cháil na scoile.
4. Baineann an polasaí seo le suíomhanna pearsanta ar nós líonraí sóisialta (m.sh. Instagram, TikTok), blaganna, micreabhlaganna ar nós X (Twitter), seomraí comhrá, fóram, podchraoltaí, ciclipéidí oscailte ar líne (m.sh. Vicipéid), suíomhanna leabharharcála shóisialta agus suíomhanna roinnte ábhair mar YouTube nó Flickr.

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie
www.colaistecholmcille.ie



5. Ní cheadaítear d'aon bhall den phobal scoile meáin shóisialta, seirbhísí teachtaireachtaí ná an t-idirlíon a úsáid ar bhealach a d'fhéadfadh duine eile a chiapadh, a mhagadh, a mhaslú, a ghoilliúint nó a chléasú.
6. Ní mór d'fhoireann agus do dhaltáí staonadh ó ghníomhaíochtaí ar líne nó ar na meáin shóisialta a d'fhéadfadh drochchlú a chur ar **Choláiste Cholmcille**.
7. Cuirfear treoir ar dhaltáí maidir le dea-bhéasa agus nósanna cuí ar na meáin shóisialta.
8. Iarrtar cead tuismitheora scoláirí atá faoi 18 agus cead scoláirí atá ós cionn 18 a bpicitúir a thaispeáint ar meáin na scoile.
9. Is féidir le múinteoirí tuilleadh eolais a fháil faoi úsáid shábháilte na meán sóisialta agus na cumarsáide leictreonaí ag an nasc seo:
Comhairle don Fhoireann Chláraithe maidir le húsáid na Meán Sóisialta agus na Cumarsáide Leictreonaí — An Chomhairle Mhúinteoireachta (2021)

10. Gléasanna Pearsanta

1. Má úsáideann daltaí a gcuid teicneolaíochta féin sa scoil (m.sh. ríomhaire glúine, taibléad, nó gléas cliste eile), ní mór dóibh cloí leis na rialacha a leagtar amach sa pholasaí seo, amhail is dá mbeadh siad ag úsáid trealamh na scoile féin.
2. Ní cheadófar úsáid gléasanna pearsanta ar bhealach a chuireann isteach ar fhoghlaim, ar phríobháideachas daoine eile, nó ar shlándáil líonra na scoile.
3. Ní mór cead sainráite ón bhfoireann bainistíochta nó ón bpríomhoide sula n-úsáidtear gléas pearsanta chun críocha oideachasúla sa seomra ranga.
4. Tá Coláiste Cholmcille freagrach as sábháilteacht na sonraí atá ar fheistí na scoile amháin; ní ghlacfar aon fhreagracht as damáiste nó caillteanas sonraí ar ghléasanna pearsanta daltaí.

11. Ardáin Foghlama Digití (lena n-áirítear físchomhdhálacha)

1. Beidh cuntas úsáideora uathúil ag gach duine a úsáideann ardán foghlama digiteach na scoile.
2. Ní cheadófar pasfhocail do chuntais nó d'ardáin dhigiteacha a roinnt le daoine eile.
3. Ní mór d'úsáideoirí a chinntiú go bhfuil siad logáilte amach i gceart tar éis úsáid a bhaint as an ardán.

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie
www.colaistecholmcille.ie



4. Ní cheadófar aon ábhar míchuí, maslach nó clúmhilleach a uaslódáil, a roinnt nó a phlé ar aon ardán foghlama digiteach.
5. Ní mór do dhaltai agus d'fhoireann cloí le beartais phríobháideachais agus le rialacháin GDPR i gcónaí agus iad ag úsáid ardáin dhigiteacha nó físchomhdhálacha.
6. Ní cheadófar aon taifeadadh (fuaime nó físeán) le linn físchomhdhála mura bhfuil cead sainráite faighte roimh ré ó mhúinteoir nó ó bhainistíocht na scoile.
7. Tá sé de dhualgas ar úsáideoirí ton ghairmiúil, measúil a choinneáil i gcónaí agus iad ag úsáid ardáin dhigiteacha scoile, go háirithe le linn físchomhdhála.

12. Fuaime, Íomhánna agus Físeán

1. Ní mór aire a thabhairt i gcónaí agus fuaime, grianghraif nó físeáin á dtaifeadadh chun a chinntiú go bhfuil na daltaí gléasta go cuí agus nach bhfuil siad rannpháirteach in aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh droch-chlú a chur orthu féin nó ar an scoil.
2. Ní cheadaítear do dhaltai fuaime a thaifeadadh, grianghraif a thógáil, ná íomhánna daoine eile a úsáid, a roinnt, a fhoilsiú ná a dháileadh gan a dtailiú roimh ré.
3. Ní cheadófar grianghraif ná físeáin a ghlacadh ar thalamh na scoile ná le linn gníomhaíochtaí scoile mura bhfuil cead sainráite faighte ó bhall foirne.
4. Ní cheadófar taifeadadh fuaime, grianghrafadóireacht ná físeán ar thalamh na scoile ná le linn gníomhaíochtaí scoile ach amháin má tá sé soiléir nach gcuirfear dochar ar bith do bhaill foirne ná do dhaltai Choláiste Cholmcille.
5. Ní cheadófar ábhar fuaime, íomhánna, físeáin nó aon ábhar eile a roinnt ar líne le hintinn dochar a dhéanamh do bhall eile de phobal na scoile, cibé acu a tharlaíonn sé laistigh nó lasmuigh den scoil.
6. Is iompar mí-inghlactha agus go hiomlán toirmiscthe é íomhánna nó físeáin follasacha, go háirithe iad siúd a bhaineann le daltaí nó mionaoisigh, a roinnt.
7. Beidh iarmhairtí tromchúiseacha ag baint leis an iompar sin; is smachtbhanna uathoibríoch é fionraí i gcás íomhánna nó físeáin follasacha eile daltaí a roinnt.

13. Gníomhaíochtaí Mí-oiriúnacha

1. Ní cheadófar d'aon úsáideoir de chuid na scoile páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar líne a mheastar a bheith mídhleathach, mí-oiriúnach nó docharach.
2. Áirítear leis seo, ach ní theorannaítear dó, na nithe seo a leanas:

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Fón: 091-593119

ccc@gretb.ie

www.colaistecholmcille.ie



1. Ráitis chiaptha, chlaonta nó idirdhealaitheacha a dhéanamh ar líne.
2. Ábhar a uaslódáil nó a roinnt a sháraíonn cóipcheart nó rúndacht.
3. Ríomhphoist, íomhánna nó teachtaireachtaí maslacha, clúmhillteacha nó bagracha a sheoladh.
4. Iarrachtaí dul isteach i gcórais dhigiteacha na scoile nó ar chuntais úsáideora daoine eile gan chead.
5. Iarracht aon chosaint nó córas scagtha a sheachaint.
6. Bogearraí mídhleathacha a íoslódáil, a shuiteáil nó a úsáid.
7. Aon ghníomhaíocht a d'fhéadfadh droch-chlú a chur ar Choláiste Cholmcille nó ar aon bhall dá phobal.

14. Suíomhanna Gréasáin na Scoile

1. Beidh deis ag daltaí tionscadail, saothair ealaíne nó obair scoile eile a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na scoile, de réir polasaí soiléir agus próiseas ceadaithe maidir leis an ábhar a fhoilseofar.
2. Déanfar monatóireacht rialta ar shuíomh gréasáin na scoile chun a chinntiú nach bhfuil aon ábhar air a chuirfeadh sábháilteacht, príobháideachtas ná dea-cháil daltaí nó foirne i mbaol.
3. Ní fhoilseofar ach na sonraí is gá, agus déanfar iarracht i gcónaí faisnéis phearsanta a íoslaghdú (m.sh. úsáid ainmneacha baiste gan sloinnte, más féidir).
4. Ní cheadófar grianghraif nó físeáin a chur ar shuíomh na scoile mura bhfuil cead tuismitheora nó caomhnóra faighte roimh ré.
5. Cuirfear béim ar ábhar dearfach a léiríonn gníomhaíochtaí foghlama agus rath na ndaltaí, agus seachnófar aon ábhar a d'fhéadfadh duine aonair a chur i mbaol nó a náiriú.

15. Cibearbhulaíocht

1. Agus an t-idirlíon in úsáid acu, táthar ag súil go léireoidh daltaí, tuismitheoirí agus foireann meas ar dhaoine eile i gcónaí.
2. Is iompar go hiomlán toirmisceithe é páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí ar líne a bhfuil sé d'aidhm acu dochar, ciapadh nó náire a chur ar dhalta eile nó ar bhall foirne.

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Fón: 091-593119

ccc@gretb.ie

www.colaistecholmcille.ie



3. Déanann **Coláiste Cholmcille** gach iarracht a chinntiú go bhfuil feasacht ag daltaí agus ag foireann faoi bhrí an bhulaíochta, ar líne agus as líne, mar iompar dírithe a chuireann dochar fisiciúil, sóisialta nó mothúchánach ar dhuine eile.
4. Aithnítear gur féidir iompar bulaithe a bheith ina ghníomh aonuaire freisin má tá sé seans maith go roinnfear nó go leathnófar é ar líne (m.sh. teachtaireacht, íomhá nó físeán maslach a phostáil).
5. Tá cosc iomlán ar gach cineál cibearbhulaíochta, lena n-áirítear úsáid na meán sóisialta, ríomhphoist, físchomhdhálacha, suíomhanna comhrá nó aon ardáin dhigiteacha eile chun duine eile a chrá nó a ghoilliúint.
6. Tá cosc iomlán ar dhaltaí agus ar bhaill foirne ábhar clúmhilleach nó bagrach a roinnt faoi dhuine ar bith i bpobal na scoile, fiú má tharlaíonn sé lasmuigh den scoil.
7. Tá cosc iomlán ar íomhánna nó físeáin maslacha nó follasacha a roinnt, go háirithe iad siúd a bhaineann le mionaoisigh, agus cuirfear smachtbhannaí tromchúiseacha i bhfeidhm i leith an iompar sin.
8. Tá cosc ar gach cineál bulaithe ar líne i gcomhréir le polasaí frithbhulaíochta na scoile, agus is cuid lárnach den pholasaí sin é cosc a chur ar cibearbhulaíocht.
9. De réir na nósanna imeachta “**Bí Cineálta**” ón Roinn Oideachais chun iompar bulaithe a chosc agus a láimhseáil, aithníonn **Coláiste Cholmcille** nach bhfuiltear ag súil go láimhseálfaidh scoileanna iompar bulaithe a tharlaíonn go hiomlán lasmuigh den scoil.
10. Mar sin féin, má théann iompar bulaithe lasmuigh den scoil i bhfeidhm ar shaol na scoile, déanfaidh an scoil tacaíocht agus idirghabháil chuí leis na daltaí lena mbaineann.

16. Intleacht Shaorga

1. Aithníonn **Coláiste Cholmcille** na buntáistí féideartha a bhaineann le **hIntleacht Shaorga (IS)** san oideachas agus tá sé tiomanta dá húsáid fhreagrach agus eiticiúil laistigh den timpeallacht foghlama.
2. Beidh gach uirlis IS atá údaraithe le húsáid i **gColáiste Cholmcille** i gcomhréir leis na rialacháin um chosaint sonraí (**GDPR**).
3. Tá sé go hiomlán toirmiscithe sonraí pearsanta, íogaire nó rúnda a chur isteach in aon chóras IS gan údarú cuí.

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb
Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Galway and Roscommon
Education and Training Board

Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie
www.colaistecholmcille.ie



4. Ní chruthóidh ná ní roinnfidh ná ní sheolfaidh foghlaimeoirí aon ábhar a ghintear le IS atá mídhleathach, maslach, clúmhillteach nó a bhfuil sé d'aidhm aige duine eile a chiapadh nó a scanrú.
5. Ní bheidh cead ag foireann ná ag foghlaimeoirí IS a úsáid ar bhealach a d'fhéadfadh duine eile, a dteaghlach, ball foirne, nó ball den phobal scoile a mhagadh, a mhaslú nó a náiriú.
6. Ní ghlacfaidh foireann ná foghlaimeoirí páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le hábhar a ghintear le IS a d'fhéadfadh drochchlú a chur ar **Choláiste Cholmcille**.
7. Cothaíonn **Coláiste Cholmcille** litearthacht dhigiteach agus scileanna smaointeoireachta criticiúla chun cabhrú le foghlaimeoirí tuiscint a fháil ar IS, ar a himpleachtaí agus ar úsáid fhreagrach.
8. Áirítear leis seo litearthacht sonraí, fíorú faisnéise a ghintear le IS, agus tuiscint ar na claontaí féideartha atá i gcuid de na huirlisí sin.
9. Déanfaidh córais IS a úsáidtear i **gColáiste Cholmcille** cinntí ar bhealach cothrom, trédhearcach agus freagrach.
10. Caithfidh foghlaimeoirí tagairt cheart a thabhairt d'ábhar téacs nó íomhánna a ghintear le IS agus iad á n-úsáid ina gcuid obair bhaile nó thionscadal.
11. Déanfaidh múinteoirí an rud céanna maidir le húsáid ábhar a ghintear le IS i ndoiciméid nó i n-ábhar teagaisc.

17. Struchtúir Tacaíochta

1. Cuirfidh an scoil eolas ar dhaltaí agus ar thuismitheoirí faoi na príomh-struchtúir agus eagraíochtaí tacaíochta a dhéileálann le hábhar mídhleathach nó le húsáid dhíobhálach an idirlín.
2. Eagrófar seisiúin eolais do thuismitheoirí faoi úsáid fhreagrach na teicneolaíochta.
3. Áirítear leis seo suíomhanna tacaíochta náisiúnta mar **Webwise, Be Internet Legends, An Garda Síochána**, agus eagraíochtaí cosanta leanaí.

18. Forbairt Ghairmiúil Foirne

1. Spreagfar múinteoirí le páirt a ghlacadh i gceardlanna Oide TFC.
2. Beidh comhoibriú le GRETb chun modúil oiliúna a sholáthar.
3. Tacófar le forbairt na ról "Comhordaitheoir Foghlama Dhigiteach" sa scoil.

19. Measúnú, Monatóireacht agus Athbhreithniú

1. Déanfaidh an fhoireann bhainistíochta athbhreithniú bliantúil ar chur i bhfeidhm an phlean.
2. Déanfar measúnú inmheánach de réir na **Digital Learning Framework**.
3. Coimeádfar taifid de FGL/CPD, úsáid ardán, agus torthaí scoile i gcroílár an fhéinmheastóireachta.

20. Reachtaíocht

1. Cuirfidh an scoil eolas ar fáil faoi na hAchtanna agus na rialacháin ábhartha a bhaineann le húsáid an idirlín, ar cheart do mhúinteoirí, do dhaltaí agus do thuismitheoirí a bheith ar an eolas fúthu:
 1. **Na hAchtanna um Chosaint Sonraí 1988 go 2018 agus na Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (GDPR)**
 2. **An tAcht um Chearta Cóipchirt agus Cearta Gaolmhara 2000**
 3. **An tAcht um Thrádáil Leanaí agus Pornagrafaíocht 1998 agus An tAcht um Dhlí Coiriúil (Cionta Gnéasacha) 2017**
 4. **An tAcht Leanaí ar dtús 2015**
 5. **An tAcht um Chiapadh, Cumarsáidí Díobhálacha agus Cionta Gaolmhara 2020 (Dlí ChóCó)**
 6. **An tAcht um Dhamáiste Coiriúil 1991**

21. Smachtbhannaí

1. Déileálfar le mí-úsáid an idirlín agus na dteicneolaíochtaí digiteacha de réir **Chód Iompair** agus **Pholasaí Frithbhulaíochta** na scoile.
2. Leagfar amach sa dá pholasaí sin na smachtbhannaí cuí a bhaineann le mí-úsáid, agus tá sé de cheart ag an scoil aon ghníomhaíocht mhídhleathach a thuairisciú do na húdaráis chuí, lena n-áirítear **An Garda Síochána**

22. Foirm Ceadta

Dearbhú an Dalta

Aontaím cloí le **Polasaí Úsáide Inghlactha an Idirlín** na scoile.
Úsáidfídh mé an t-idirlíon agus na teicneolaíochtaí digiteacha ar bhealach freagrach
agus leanfaidh mé na nósanna imeachta atá leagtha amach sa pholasaí.

Síniú an Dalta: _____

Dáta: _____

Dearbhú an Tuismitheora / Chaomhnóra

Mar thuismitheoir nó mar chaomhnóir dlíthiúil an dalta thuas, dhearbhaím go bhfuil
mé tar éis an **Polasaí Úsáide Inghlactha Idirlín** a léamh agus tuigim gur chun
críocha oideachasúla atá rochtain ar an idirlíon beartaithe.

Tuigim freisin go bhfuil gach réamhchúram réasúnta glactha ag an scoil chun
sábháilteacht ar líne a chinntiú, ach nach féidir leis an scoil a bheith freagrach má
fhagheann daltaí rochtain ar shuíomhanna neamh-oiriúnacha.

Maidir le suíomh gréasáin na scoile, glacaim leis, más cuí leis an scoil, go bhféadfar
obair mo pháiste a roghnú le foilsiú ar shuíomh na scoile.

Tuigim agus glacaim leis na coinníollacha a bhaineann le foilsiú obair daltaí ar
shuíomh gréasáin na scoile.

Síniú an Tuismitheora / Chaomhnóra: _____

Seoladh: _____

Dáta: _____

PLEAN FOGHLAMA DIGITEACH

Faofa ag Bord Bainistíochta Choláiste Cholmcille, Indreabhán, ar an 10/12/2025

Sínithe: _____
Cathaoirleach,
Bord Bainistíochta.

Dáta: _____

Sínithe: _____
Rúnaí,
Bord Bainistíochta.
Príomhoide na scoile.

Dáta: _____

Athbhreithniú ar an bPolasaí

Dáta _____

1. Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar an bpolasaí seo gach bliain nó de réir mar is gá.
2. Coinneofar taifead den athbhreithniú seo i miontuairiscí an Bhoird Bainistíochta.
3. Beidh cóip den leagan is déanaí den Pholasaí Úsáide Inghlactha ar fáil ar shuíomh gréasáin na scoile agus ar iarratas ó thuismitheoirí.

Coláiste Cholmcille

Indreabhán, Co. na Gaillimhe, H91 YH30.



gretb

Bord Oideachais agus Oiliúna
na Gaillimhe agus Ros Comáin
Education and Training Board

Fón: 091-593119
ccc@gretb.ie
www.colaistecholmcille.ie

